## Treoracha agus leideanna don chomórtas

Le cur isteach ar an gcomórtas ní mór daoibh mír nuachta uile-árdán a chruthú agus an mhír a fhoilsiú ar Bhlag, cuir i gcás: Wordpress, blogger, Weebly, Edublog. Ar an mblag d'fhéadfadh sibh aon rud ón liosta thíos a chlúdach:

1. Mír Nuachta físe
2. Alt nuachta scríofa
3. Íomhá
4. Gearrthóg fuaime

**Sampla 1: Agallamh le duine mór le rá i do cheantar féin (príomhoide na scoile, Garda áitiúil, dochtúir an bhaile, duine gnó, aisteoir, scríbhneoir áitiúil....)**

Chonaic sibh i roinnt de na ceardlanna go mbíonn ar thráchtairí spóirt, tuairisceoirí nuachta agus láithreoirí ceisteanna a chur ar dhaoine maidir lena gcuid taithí nó eispéaras féin. In agallamh ba chóir go mbeadh ceisteanna soiléire agus suimiúla agat le cur ar an aoi. Dírigh ar cheisteanna pearsanta chun eolas faoin duine féin a tharraingt uathu!

## Ceisteanna samplacha

- Cé thú féin? Inis dúinn fút féin agus faoi do shaol?
- Cad a bhain tú amach i do shaol? Cá háit a ndearna tú staidéar? Cén cúrsaí a rinne tú?
- An bhfuil clann ort? An bhfuil tú pósta? Cén chaoi ar casadh do chéile ort?
- Inis dúinn faoi ról an phríomhoide/an Gharda/an dochtúra... Cad iad na dúshláin a bhaineann leis an bpost? Cad iad na rudaí is fearr faoin bpost?
- An nglacann tú ról gníomhach sa phobal? Cad a dhéanann tú?
- Cén moladh a bheadh agat do dhaoine óga i do cheantar?

Dírigh ar phearsantacht an duine a léiriú, doimhneacht a chruthú sa chaidreamh idir an t-agallóir agus an té atá faoi agallamh agus an daonnacht atá sa duine a léiriú. Déan roinnt seatanna d'aghaidh an duine a thaifead. Smaoinigh go cúramach ar an áit ar mhaith libh an duine a léiriú (suíomh an taifeadta). Bí cinnte go roghnaíonn sibh duine a bhfuil dlúthcheangal acu leis an bpobal.

**Sampla 2: Tuairisc faoi chluiche spóirt (Eolas! Am, áit, scór deiridh, cé a ghnóthaigh cúil nó pointí, atmaisféar...)**

Tá eolas an-tábhachtach i dtuairisc faoi chluiche spóirt. Tá mionsonraí deas ach is é an t-eolas an rud is tábhachtaí.

- Cé a bhí ag imirt.
- Cá raibh an cluiche ar siúl.
- Cé a ghóthaigh scóranna agus cathain a scóráil siad le linn an chluiche.
- Cé a chruthaigh go maith sa chluiche – na himreoirí a sheas amach.
- Móimintí cinniúnacha an chluiche.
- Atmaisféar sa staid nó ar an bpáirc. Conas a mhothaigh na sluaite.
- Cén scór deiridh a bhí ann. An raibh an cluiche idir dhá cheann na meá go dtí an deireadh? Bua compordach?
- Cad a tharlóidh anois? Ar aghaidh go cluiche eile....? Comórtas eile?

I dtuairisc spóirt tá guth an tuairisceora tábhachtach le mothúcháin a léiriú agus le sceitimíní an chluiche a chur in iúl.

**Sampla 3: Tuairisc faoi chonspóid timpeallachta (Sceitheadh ola, dumpáil mhídhleathach, mí-úsáid acmhainní nádúrtha...)**

Tuairisc faoi na dúshláin atá roimh dhaoine óga

Mír nuachta scríofa – iarrtar ar scoileanna alt scríofa a théann leis an mír físe a fhoilsiú ar an mblag --- Moltar idir 200 agus 250 focal .

Íomhá ---- iarrtar ar dhaoine óga íomhánna fóirsteanacha a fhoilsiú a dhéanann cur síos ar an mír físe agus ar an mír scríofa.

Iarrtar ar scoileanna Iarratas amháin a dhéanamh ón scoil agus sin a sheoladh isteach ar an suíomh COGG.